Tiománaithe Bhus Átha Cliath ar stailc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi thiománaithe bus ar stailc i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil eolas ar bith agat faoin easaontas seo cheana féin?
Cén fáth a dtéann daoine ar stailc de ghnáth?

Ceist 2 (a) Déan féin agus an duine in aice leat iarracht na focail Ghaeilge ar dheis a scríobh amach ina iomláine.

1. Female driver	_ _ n _ _ _ _ á _ _ _
2. Centre	c _ _ í _ á _
3. Suspended	_ _ f _ _ n _ _ í
4. Industrial	t _ _ _ s c _ _ _ _ _ _
5. Advice	_ _ l _ d _
6. The Labour Court	_ _ C _ _ _ r _ O _ _ r _ _ c _ _ i _
7. Inclinations	_ o _ r a _
8. Just	c _ _ r
9. Good news	d _ _ - s _ _ _ l _
10. Argument/discussion	a _ g _ _ e _ _
11. In the middle of the dispute	l _ r n _ c _ n _ _ ó _ _ _

Ceist 2 (b) Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh ó chomhthéacs na tuairisce.

Ceist 3 Cén fáth a luaitear na rudaí seo a leanas:

1. Bus Átha Cliath
2. Dhá bhealach nua bus
3. Seacht míle paisinéir
4. Bainistíocht Bhus Átha Cliath

Ceist 4 Bhí an uimhir iolra de na focail seo le cloisteáil sa tuairisc. An cuimhin leat cad iad? Éist leis an tuairisc arís más gá le do chuid freagraí a sheiceáil.

1. seirbhís _____
2. áit _____
3. tiománaí _____
4. bealach _____
5. coinníoll _____
6. uair _____
7. comhrá _____
8. stáisiún _____
9. paisinéir _____

Ceist 5 ‘Tá suas le *cúig chéad* tiománaithe ar stailc. . .’

An féidir leat na lúibíní a bhaint de na focail thíos:

1. ocht (céad)
2. fiche (míle)
3. caoga (duine)
4. tríocha (leabhar)
5. trí (mála)
6. míle (euro)
7. milliún (punt)

Ceist 6 Déan féin agus an duine in aice leat achoimre den tuairisc a scíobh. Déanaigí iarracht na focail faoi cheist 2 a úsáid le cuidiú libh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2 (a) agus (b)

1. Female driver	bantiománaí
2. Centre	croílár
3. Suspended	ar fionraí
4. Industrial	tionsclaíoch
5. Advice	moladh
6. The Labour Court	An Chúirt Oibreachais
7. Inclinations	tograí
8. Just	cóir
9. Good news	dea-scéala
10. Argument/discussion	aighneas
11. In the middle of the dispute	lár na conspóide

Ceist 3

Bus Átha Cliath: Tá aighneas i mBus Átha Cliath ag cur as do sheirbhísí bus in áiteanna éagsúla sa gcathair ó mhaidin.
Dhá bhealach nua bus: Tá tiománaithe bus ag diúltú dhá bhealach nua bus a chur ar fáil mar go mbeadh orthu sosanna a thógáil i lár na cathrach seachas ina ngaráiste i mBaile Anraí ar imeall na cathrach agus mar go gcuirfidh na coinníollacha a bhaineann leis na bealaí nua seo lena gcuid uaireanta oibre.
Seacht míle paisinéir: Chuir an stailc as de suas le seacht míle paisinéir i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath a bhí ag iarraidh a gcuid oibre a bhaint amach.
Bainistíocht Bhus Átha Cliath: Deir tiománaithe go bhfuil sé i gceist acu leanúint ar aghaidh leis an aighneas i ndiaidh an lae inniu fiú, go dtí go mbeidh bainistíocht Bhus Átha Cliath sásta tús a chur arís le comhráite leo faoin dá bhealach úra atá i lár na conspóide.

Ceist 4

1. seirbhís **seirbhísí**
2. áit **áiteanna**
3. tiománaí **tionánaithe**
4. bealach **bealaí**

5. coinníoll	**coinníollacha**
6. uair	**uaireanta**
7. comhrá	**comhráite**
8. stáisiún	**stáisiúin**
9. paisinéir	**paisinéirí**

Ceist 5

ocht gcéad
fiche míle
caoga duine
tríocha leabhar
trí mhála
míle euro
milliún punt

Ceist 6

Achoimre an-ghinearálta atá i gceist anseo – an príomhrud ná go mbeadh siad in ann an foclóir nua a thuiscint agus a úsáid.

Tiománaithe Bhus Átha Cliath ar stailc

Éimear Ní Chonaola
Tá aighneas i mBus Átha Cliath ag cur as do sheirbhísí bus in áiteanna éagsúla sa gcathair ó mhaidin. Tá tiománaithe bus ag diúltú dhá bhealach nua bus a chur ar fáil mar go mbeadh orthu sosanna a thógáil i lár na cathrach seachas ina ngaráiste i mBaile Anraí ar imeall na cathrach agus mar go gcuirfidh na coinníollacha a bhaineann leis na bealaí nua seo lena gcuid uaireanta oibre. Tá tuairisc ag Peadar Mac Gaoithín.

Peadar Mac Gaoithín
Tá suas le cúig chéad tiománaithe ar stailc anseo i mBaile Anraí óna leath i ndiaidh a cúig ar maidin ó cuireadh bantiománaí ar fionraí i ndiaidh di diultú ceann den dá bhealach úra atá i gcroílár an aighnis seo a thiomáint. Chuir an stailc as de suas le seacht míle paisinéir i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath a bhí ag iarraidh a gcuid oibre a bhaint amach. B'iad lucht taistil i gceantair Sord, Fionnghlas, Baile Munna agus Baile Bhlainséar is mó a bhí thíos leis. Níl tiománaithe bus sásta lena gcláir oibre a bhaineann lena bealaí úra.

Tá orthu an dtuigeann tú, ag tosnú an lae, nó *reportáil* ag tosnú an lae, a lae oibre sa *depot* sin. Ach caithfidh siad ansin taisteal ocht míle lena lá oibre a thosnú, an dtuigeann tú? Agus níl acu ach ceathracha a cúig nóiméad leis sin a dhéanamh agus b'fhéidir go dtógfaidh sé uair go leith an *trip* sin a dhéanamh.

Peadar Mac Gaoithín
Deir Bus Átha Cliath go ndeachaigh siad fríd an**phróiseas caidrimh thionsclaíoch agus go bhfuil moladh acu ón Chúirt Oibreachais a deir go bhfuil a gcuid tograí ceart is cóir. Níl dea-scéala ar bith ann go fóill de phaisinéirí. Deir tiománaithe go bhfuil sé i gceist acu leanúint ar aghaidh ***leis an aighneas i ndiaidh an lae inniu fiú, go dtí go mbeidh bainistíocht Bhus Átha Cliath sásta tús a chur arís le comhráite leo faoin dá bhealach úra atá i lár na conspóide. Más faide a théann an t-aighneas ar aghaidh is é is mó baol atá ann go leanfaidh amach an díospóireacht go stáisiúin eile ar fud na cathrach, a deir siad.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4, i mBaile Anraí

**banthiománaí* a deirtear
***phróiseas caidrimh tionsclaíoch* a deirtear
****leis an t-aighneas* a deirtear